Tuarascáil Bhliantúil • Tuarascáil Bhliantúil • Tuarascáil Bhliantúil • Tuarascáil Bhliantúil •

# 2013

Ombudsman Eorpach

GA



# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| **Réamhrá** | | **4** |
| **1** | **Sracfhéachaint ar 2013** | **6** |
| **2** | **Cá mhéad gearán?** | **7** |
| **3** | **In aghaidh cé?** | **10** |
| **4** | **Faoi cén rud?** | **11** |
| **5** | **Torthaí a baineadh amach** | **12** |
| **6** | **Príomhábhair** | **15** |
| 6.1 | Trédhearcacht | 15 |
| 6.2 | Ceisteanna eiticiúla | 17 |
| 6.3 | Rannpháirtíocht saoránach i gcinnteoireacht AE | 20 |
| 6.4 | Tionscadail agus cláir le maoiniú AE | 22 |
| 6.5 | Cearta bunúsacha | 23 |
| 6.6 | Cultúr seirbhíse | 25 |
| **7** | **An chaoi a láimhseálaimid cásanna** | **27** |
| **8** | **Comhlíonadh le moltaí an Ombudsman** | **29** |
| **9** | **Caidreamh le hinstitiúidí AE** | **30** |
| 9.1 | Parlaimint na hEorpa | 30 |
| 9.2 | An Coimisiún Eorpach | 31 |
| 9.3 | Gníomhaireachtaí AE | 31 |
| 9.4 | Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine a bhfuil Míchumas Orthu | 32 |
| **10** | **Caidreamh le líonraí** | **33** |
| **11** | **Acmhainní** | **35** |
| 11.1 | An Buiséad | 35 |
| 11.2 | Úsáid acmhainní | 35 |
| 11.3 | An fhoireann taobh thiar den Ombudsman | 36 |
| **Conas dul i dteagmháil leis an Ombudsman Eorpach** | | **37** |

# Réamhrá



Réamhrá físe ó Emily O'Reilly le Tuarascáil Bhliantúil 2013 an Ombudsman Eorpaigh. **http://europa.eu/!hb37td**



Mionn oifige á thógáil ag an Ombudsman Eorpach Emily O'Reilly os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an 30 Meán Fómhair 2013. **http://europa.eu/!Rc98Rq**

Is mór agam Tuarascáil Bhliantúil 2013 a chur faoi do bhráid.

Bliain inar tharla iomlaoid a bhí ann i mbliana d'institiúid an Ombudsman Eorpaigh. D'éirigh an tOllamh P. Nikiforos Diamandouros as, agus thogh Parlaimint na hEorpa mise. Bhí sé d'onóir agam mionn na hoifige a ghlacadh ar an 30 Meán Fómhair.

Storify #1




**Toghachán an Ombudsman Eorpaigh 2013**
Reáchtáladh toghcháin ar 2 agus 3 Iúil ag an seisiún iomlánach PE in Strasbourg. Reáchtáladh éisteachtaí de chuid Choiste Achainíocha na Parlaiminte ar 18 Meitheamh. Bhí 6 iarrthóir ann, 3 cinn acu a bhí ina FPEanna, beirt acu a bhí ina nOmbudsmain náisiúnta in Éirinn agus san Ísiltír, agus 1 iarrthóir as Comhairle na hEorpa.

Nuair a ghlac mé an mionn, ghlac mé le freagracht chun leanúint leis an dea-obair atá déanta ag mo réamhtheachtaithe Jacob Söderman agus Nikiforos Diamandouros.

#1




**Roberta Metsola, MEP**
Tá sé iontach moladh a fheiceáil ón speictream polaitíochta ar fad don Uasal Diamandouros, an tOmbudsman Eorpach, as 10 mbliana d'obair dhian agus dul chun cinn.

Ghlac an tUasal Söderman de fhreagracht air féin institiúid nua a thógáil agus é a leabú i saol polaitiúil na hEorpa agus saoránacht nua Eorpach tar éis Chonradh Maastricht fiche bliain ó shin.

Tháinig an tOllamh Diamandouros isteach san oifig díreach nuair a leathnaíodh an AE go mór nuair a tháinig deich mBallstát nua isteach, mar aon leis na deiseanna agus dúshláin ar fad a bhí ag teastáil le linn na tréimhse sin. Ní mór dom ómós a chur in iúl don Uasal Diamandouros as a chúnamh agus tacaíocht le linn na tréimhse aistrithe.




**European Women's Lobby**
Ba mhaith linn comhghairdeas a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach, Emily O'Reilly, ar a céad lá ina ról nua.




**EPP IE**
Comhghairdeas leis an Ombudsman Emily O'Reilly, atá tofa mar an chéad Ombudsman Eorpach baineann.

Anois agus mé mar an tríú Ombudsman Eorpach, tá freagracht glactha agam ag am an-suaite san Eoraip.

Ról ríthábhachtach de chuid an Ombudsman Eorpaigh is ea buarthaí saoránach a ardú agus an bhearna mhór idir iad agus institiúidí an AE a dhúnadh.

Glacfaidh mise, mar Ombudsman Eorpach, freagracht as cuidiú le saoránaigh agus cónaitheoirí na hEorpa chun na hinstitiúidí Eorpacha a ghlacadh mar a n-institiúidí féin.

Chun an cuspóir seo a bhaint amach, comhoibreoidh mé go dlúth le Parlaimint na hEorpa, leis na hombudsmain náisiúnta agus réigiúnacha, agus leis an sealbhán ombudsman ar fad.

Agus é sin á dhéanamh agam, treoróidh cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh mé, a chruthaíonn creat ina gcuireann an tOmbudsman riail an dlí chun cinn san Aontas Eorpach. Treoróidh prionsabail an dea-rialachais agus seirbhíse poiblí mé chomh maith.

Is é an cuspóir atá agam na struchtúir agus institiúidí cuntasachta agus trédhearcachta a láidriú ag leibhéal na hEorpa, chun cáilíocht an daonlathais san Aontas Eorpach a fheabhsú.

Bain aoibhnis as mo chéad Thuarascáil Bhliantúil. Rinneadh athchóiriú air chun mo mhian go mbeadh an institiúid seo chomh hinrochtana agus soláimhsithe agus is féidir a léiriú.

Chun scrúdú níos mine a fháil ar phríomhchásanna ó 2013, déan tagairt do: *Deariarachán i gcleachtas: Cinntí an Ombudsman Eorpaigh in 2013*.

Strasbourg, 31 Márta 2014




Emily O'Reilly

# 1 • Sracfhéachaint ar 2013

Ba bhliain shuntasach í 2013 ag institiúid an ombudsman: toghadh Ombudsman nua agus ghlac sí oifig, agus tá an institiúid á treorú aici i dtreo nua chun tionchar, sofheictheacht agus ábharthacht níos mó a bheith aici. Is iad seo a leanas cuid de bhuaicphointí na bliana:


**Eanáir**
Dialóg an Choimisiúin le grúpaí neamhreiligiúnacha



**Feabhra**
Osclaíodh fiosrúchán um dhoras imrothlach



**Márta**
Nochtann an Coimisiún cáipéisí ar dhíliostáil na RA



**Aibreán**
Imeacht "Is linne an Eoraip"



**Bealtaine**
Cuireann an tOmbudsman Tuarascáil Bhliantúil i láthair



**Meitheamh**
Díospóid íocaíochta 93 000 Euro réitithe ag an Ombudsman




**Iúil**
Ombudsman nua tofa



**Lúnasa**
Osclaíodh fiosrúchán i ngníomhaireachtaí AE




**Meán Fómhair**
Seimineár de Líonra Eorpach na nOmbudsman




**Deireadh Fómhair**
Glacann an tOmbudsman nua oifig



**Samhain**
Tuairisc um chearta bunúsacha Frontex



**Nollaig**
Osclaíonn an Coimisiún iniúchadh i sacar na Spáinne



# 2 • Cá mhéad gearán?

**23 245**

Saoránaigh ar chuidigh an tOmbudsman Eorpach leo in 2013

**19 418**
Comhairle a tugadh trí Threoir Idirghníomhach ar shuíomh gréasáin an Ombudsman

**2 420**
Gearáin a cláraíodh in 2013

**1 407**
Iarratais ar fhaisnéis ar fhreagair seirbhísí an Ombudsman dóibh




**9**
bhfiosrúcháin fhéintionscanta

**20**
fiosrúcháin fhéintionscanta a dúnadh

**341**
fhiosrúchán oscailte ar bhonn gearán

**441**
fhiosrúcháin ghearánbhunaithe a dúnadh



**350**


Fiosrúcháin a d'oscail an tOmbudsman Eorpach in 2013

**461**

Fiosrúcháin a dhún an tOmbudsman Eorpach in 2013

# 441

## Foinse na ngearán i bhfiosrúcháin a dhún an tOmbudsman Eorpach in 2013




# Bunús náisiúnta na ngearán a cláraíodh agus na bhfiosrúchán a d'oscail an tOmbudsman Eorpach in 2013



# 3 • In aghaidh cé?

## 350


Bhain fiosrúcháin a rinne an tOmbudsman Eorpach in 2013 leis na hinstitiúidí seo a leanas




*Nóta (i):* D'oscail an tOmbudsman dhá fhiosrúchán in 2013 ar a tionscnamh féin a bhain le níos mó ná institiúid amháin. Mar sin, tá iomlán na gcéatadán thuas cothrom le céatadán níos mó ná 100%.
*Nóta (ii):* D'oscail an tOmbudsman ocht bhfiosrúchán in 2013 tar éis gearán a fháil a bhain le níos mó ná institiúid amháin. Mar sin, tá iomlán na gcéatadán thuas cothrom le céatadán níos mó ná 100%.

# 4 • Faoi cén rud?

## Ábhar na bhfiosrúchán a dhún an tOmbudsman Eorpach in 2013




*Tabhair faoi deara:* I roinnt cásanna, dhún an tOmbudsman fiosrúcháin a raibh dhá ábhar nó ní ba mhó acu. Mar sin, tá iomlán na gcéatadán thuas cothrom le céatadán níos mó ná 100%.

**1.** Éilíonn Airteagal 17 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (TEU) ar an gCoimisiún "a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm na Conarthaí, agus na bearta ar ghlac na hinstitiúidí leo de bhun na gConarthaí".

**2.** Clúdaíonn an chatagóir seo raon gearán a rinneadh in aghaidh na n-institiúidí i ndáil lena ngníomhaíochtaí déanta beartas nó i ndáil lena bhfeidhmiú ginearálta.

# 5 • Torthaí a baineadh amach




**2 354**

Gníomh a thóg an tOmbudsman Eorpach maidir le gearáin a fuarthas in 2013

### Torthaí na bhfiosrúchán a dhún an tOmbudsman Eorpach in 2013

Cásanna a shocraigh an institiúid nó comhaontaíodh réiteach cairdiúil

**118** **25,6%**

Cásanna nach raibh údar le fiosrúcháin bhreise iontu

**202** **43,8%**

Níor aimsíodh drochriarachán

**120** **26%**

Aimsíodh drochriarachán


**50** **10,8%**

Eile


**19** **4,1%**

*Tabhair faoi deara:* I roinnt cásanna, dhún an tOmbudsman fiosrúcháin ar dhá fhoras nó ní ba mhó. Mar sin, tá iomlán na gcéatadán thuas cothrom le céatadán níos mó ná 100%.

## Fiosrúcháin inar chinn an tOmbudsman Eorpach go raibh drochriarachán ar siúl in 2013




## Forás i líon na bhfiosrúchán a dhún an tOmbudsman



# 13 mhí ar an meán

## Fad an fhiosrúcháin ar chásanna a dhún an tOmbudsman Eorpach in 2013



**22%**
Cásanna a dúnadh laistigh de 3 mhí

**37%**
Cásanna a dúnadh laistigh de 3 go 12 mhí

**14%**
Cásanna a dúnadh laistigh de 12 mhí go 18 mí

**27%**[1]
Cásanna a dúnadh tar éis níos mó ná 18 mí

**1.** B'éigean roinnt babhtaí comhairliúchán a dhéanamh leis an ngearánaí agus leis an institiúid lena mbaineann i roinnt cásanna casta. Ar an mbealach seo, ní amháin go mbunaíonn oifig an Ombudsman Eorpaigh na fíricí ar fad, ach déanann sí iarracht teacht ar réiteach atá inghlactha ag an dá pháirtí.

# 6 • Príomhábhair

Chun scrúdú níos mine a fháil ar phríomhchásanna ó 2013, déan tagairt do: *Deariarachán i gcleachtas: Cinntí an Ombudsman Eorpaigh in 2013*.

## 6.1 Trédhearcacht



Is gearáin a bhain le heaspa trédhearcachta in institiúidí AE a bhí ag barr liosta na ngearán chuig an Ombudsman Eorpach. Le roinnt blianta anois, bhain 20% go 30% de na gearáin a ndéanann oifig an Ombudsman imscrúdú orthu le trédhearcacht. Ba iad na saincheisteanna trédhearcachta ba choitianta iad diúltú na n-institiúidí rochtain a dheonú ar cháipéisí agus/nó ar fhaisnéis, chruinnithe a tharlaíonn go príobháideach, agus an bealach teimhneach ina gceaptar baill de ghasraí saineolaithe AE. Tá rochtain phoiblí ar cheann de na ceart atá rathaithe ag an gCairt um Chearta Bunúsacha an AE.

Chríochnaigh imscrúdú amháin in 2013 a bhain le cáipéisí lena mbaineann díliostáil na RA ón gCairt um Chearta Bunúsacha an AE. Ba saincheist mhór a bhí sa díliostáil sna hidirbheartaíochtaí idir-rialtasacha a tharla sular glacadh le Conradh Liospóin. Dhréachtaigh seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh cáipéisí sa chomhthéacs sin. De bhrí go raibh siad ag iarraidh na cúiseanna nach bhfaigheann saoránaigh na RA na cearta céanna le saoránaigh AE eile a fhionnadh, d'iarr Seirbhís Bheartaíocht Saoránach na hEorpa (ECAS), eagraíocht neamhrialtasach (ENR) bunaithe sa Bhruiséil, na cáipéisí a fheiceáil. Dhiúltaigh an Coimisiún iad a nochtadh, ag rá gur theastaigh uaidh an chomhairle dlí a fhaigheann sé agus a phróiseas cinnteoireachta inmheánach a chosaint.

Rinne an ENR gearán ansin leis an Ombudsman a chinn, tar éis dó iniúchadh a dhéanamh ar na cáipéisí, nach raibh argóintí an Choimisiúin chun iad a dhiúltú diongbháilte. Tar éis don Ombudsman cáineadh láidir a dhéanamh ar an gCoimisiún as "cás riaracháin an-tromchúiseach", scaoil an Coimisiún leis na cáipéisí ar fad a iarradh.

#4


Citizens' House
@EUombudsman EUobserver.com @ecas_europe wins access to EU documents on UK opt-outs euobserver.com/institutional/...
RETWEETS 2 FAVORIS 3

**Citizens' House**
Tuairiscíonn EUobserver.com: Faigheann ECAS rochtain ar dhoiciméid AE maidir le díliostáil an RA.

**Faigheann ENR rochtain ar dhoiciméid AE i dtaca le tarraingtí as RA**
Tháinig streachailt cúig bliana i leith rochtain a fháil ar dhoiciméid chun críche ar an Luan nuair a d'fháiltigh ombudsman an AE roimh chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh páipéir i dtaca le hidirbheartaíochtaí ar chairt cearta an AE a scaoileadh.

Bhain cás eile leis an gClár Trédhearcachta a chomhfheidhmíonn an Coimisiún agus an Pharlaimint. Tugadh isteach an clár brústocairí seo chun próiseas cinnteoireachta an AE a dhéanamh níos trédhearcaí, agus chun an pobal a chumasú le fios a bheith acu cé atá ag iarraidh brú a chur ar chinnteoirí an AE. Cuireann sé faisnéis ar fáil fúthu siúd atá ag déanamh brústocaireacht ar institiúidí AE, cé na leasanna atá acu, agus na méideanna a infheistíonn siad sna gníomhaíochtaí seo. Tig le cuideachtaí, comhairleoirí gairmiúla, comhairleoirí féinfhostaithe, cumainn thrádála, institiúidí acadúla, ENRanna, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann phobail reiligiúnacha, údaráis réigiúnacha agus bardasacha, agus daoine eile ag déanamh brústocaireacht chuig institiúidí AE clárú go deonach. Go dtí seo, tá sé sin déanta ag timpeall 6 500 brústocaire.

#5




**Andrew Duff, MEP**
Deir an tOmbudsman nua O'Reilly: "Más airgead poiblí é, ní mór é bheith infheicthe" in euobserver.com. Is maith an tuairim é sin, ag Ombudsman Eorpach.

**"Más airgead poiblí é, ní mór é a bheith sofheicthe"**
Tá brústocaireacht rúnda agus cásanna "an dorais imrothlaigh" go líonmhar flúirseach i bpríomhchathair an AE. Tá O'Reilly, an t-ombudsman nuathofa, ag geallúint suaitheadh maith a thabhairt don chomhdhearcadh cluthar.

Rinne an ENR Cairde na Cruinne, an Eoraip gearán leis an gCoimisiún go ndearna dhá chuideachta ilnáisiúnta fothuairisciú tromchúiseach ar a gcaiteachas ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta ar an gClár. Ní raibh Cairde na Cruinne sásta le freagra an Choimisiúin agus rinne siad gearán leis an Ombudsman nár dhéileáil an Coimisiún i gceart lena ngearán, agus gur dhiúltaigh an institiúid rochtain ar na cáipéisí cuí.

Cháin an tOmbudsman an Coimisiún as teipeadh míniúchán ceart a thabhairt don ENR as a argóintí a dhiúltú. Chomh maith leis sin, d'éiligh an tOmbudsman ar an gCoimisiún, nuair a bhí athbhreithniú á dhéanamh acu ar an gClár, prionsabail na trédhearcachta agus na macántachta i mbrústocaireacht an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) a chur san áireamh. Mhol an tOmbudsman don institiúid na brústocairí agus ionadaithe leasmhara eile a chur ar an eolas go córasach go n-eiseofaí a n-ainmneacha dá bhfaighfí iarratais ar fhaisnéis ón bpobal maidir lena ngníomhaíochtaí brústocaireachta.

D'fhonn trédhearcacht níos mó a spreagadh in institiúidí AE, reáchtálann an tOmbudsman, a mbreathnaítear anois air mar "chaomhnóir trédhearcachta na hEorpa", seimineár sa Bhruiséil ar an Lá Idirnáisiúnta um an gCeart chun Faisnéise, an 28 Meán Fómhair. Bhunaigh pléadálaithe faisnéise as gach cearn den domhan an lá in 2003. In 2013, rinneadh iarracht ag an imeacht, dar teideal "Lá Idirnáisiúnta um an gCeart chun Faisnéise – Trédhearcacht AE: Cá bhfuilimid anois?", scrúdú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le trédhearcacht in institiúidí AE le deich mbliana anuas. D'fhreastail ní ba mhó na 175 ionadaí ar an imeacht, a ndearnadh sruthú gréasáin beo air, thar ceann cumann, eagraíochtaí neamhrialtasacha, cuideachtaí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, iriseoirí, ionadaithe réigiúnacha agus náisiúnta, agus institiúidí de chuid an AE.



Lá Idirnáisiúnta um an gCeart chun Faisnéise an Ombudsman Eorpaigh 2013. **http://europa.eu/!gM98Yt**

#6



Pascoe Sabido

.@EUombudsman has pushed Commission to improve Conflicts of Interest policy to include 'perceived' CoI. It's about trust in EU #11rtkdEO

Pascoe Sabido
Chuir an tOmbudsman Eorpach brú ar an gCoimisiún chun beartas um choinbhleachtaí leasa a fheabhsú chun coinbhleachtaí leasa "braite" a áireamh. Baineann sé le muinín san AE.

## 6.2 Ceisteanna eiticiúla



In 2013, fuair an tOmbudsman líon suntasach gearán a bhain le saincheisteanna eiticiúla, cosúil le coinbhleacht leasa agus cleachtas na "ndoirse imrothlacha" in institiúidí AE. Baintear feidhm as an téarma "doirse rothlacha" le cur síos a dhéanamh ar ghluaiseacht ón fhoireann na hearnála poiblí chuig poist an-ghaolmhara san earnáil phríobháideacha, nó an bealach eile thart.

De bhrí go meastar go bhfuil fíorthábhacht ag baint le sáriompar eiticiúil i riarachán AE, d'fhoilsigh an tOmbudsman prionsabail don

tseirbhís phoiblí agus treoirlínte eiticiúla, a seoladh i dtosach in Oifig an Ombudsman, agus ansin a seachadadh chuig foireann institiúidí eile an AE. Anuas air sin, chuir an tOmbudsman béim go minic gur cheart go gcloífeadh riarachán AE le "caighdeáin órga" i dtaobh iompar eiticiúil.




Cás an Ombudsman Eorpaigh 2013 faoi Choiste Eiticiúil Ad Hoc.
**http://europa.eu/!PW87Vp**

Bhain an cás um dhoras imrothlach ba shuntasaí in 2013 le hathcheapadh oifigigh ardchéime sa Choimisiún a bhí ar scor mar chathaoirleach ar Choiste Eiticiúil Ad Hoc an Choimisiúin. Tá triúr ar an gCoiste, a thugann comhairle don Choimisiún ar cheisteanna eiticiúla. Más mian le hiar-Choimisinéir glacadh le post san earnáil phríobháideach a chuirfidh iomláine an Choimisiúin i mbaol, féadfaidh an Coiste an cheist a fhiosrú. Bhí an t-iaroifigeach ag obair do chuideachta mór dlí ag an am, ag cur comhairle ar roinnt cliant, lena n-áirítear cuideachta tobac.

Rinne trí ENR – LobbyControl, An Fhaireachlann um An Eoraip Chorparáideach, agus Corporate Accountability International – gearán leis an Ombudsman maidir leis an athcheapadh, ag rá go raibh coinbhleacht leasa ann mar go raibh an t-iaroifigeach ag déanamh ionadaíochta do leasa príobháideacha ina theagmhálacha leis an gCoimisiún, agus nár shásaigh sé, dá bhrí sin, riachtanais an neamhspleáchais.

I dtosach, dhiúltaigh an Coimisiún argóintí na ngearánaithe, ag rá nár thug na gearánaithe aon fhianaise nithiúil ar choinbhleacht leasa. I dtuairim an Ombudsman, níorbh fhéidir glacadh leis an bhféidearthacht fiú go mbeadh tionchar ag leasa príobháideacha ar cheann an Choiste. Ghlac an Coimisiún le comhairle an Ombudsman faoi dheireadh agus ceapadh cathaoirleach nua ar an gCoiste.

I rith na bliana, d'fhiosraigh an tOmbudsman gearán um choinbhleacht leasa tábhachtach eile i ndáil leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). Tá Mario Draghi, Uachtarán ECB, ina bhall chomh maith den Ghrúpa Tríocha. Tá an Grúpa comhdhéanta d'ionadaithe ardleibhéil ó bhainc cheannais, ó chomhlachtaí airgeadais poiblí idirnáisiúnta, ó bhainc phríobháideacha, agus ó chuideachtaí infheistíochta, mar aon le polaiteoirí agus acadóirí. Pléann siad forbairtí tábhachta idirnáisiúnta geilleagair, airgeadais, agus beartais agus foilsíonn siad tuarascálacha.

Rinne an ENR An Fhaireachlann um An Eoraip Chorparáideach (CEO) gearán leis an Ombudsman gur bhain ballraíocht an Uachtaráin sa ghrúpa an bonn de neamhspleáchas, clú agus sláine an Bhainc. Deir CEO gur "uirlis bhrústocaireachta" atá sa Ghrúpa chun leasa airgeadais príobháideacha a chur chun cinn, agus d'iarr siad ar an BCE a éileamh ar an Uasal Draghi an Grúpa a fhágáil.

Tar éis anailís a dhéanamh ar bhallraíocht, ar mhaoiniú agus ar aidhmeanna an Ghrúpa, chinn an tOmbudsman go raibh ballraíocht an Uasal Draghi comhoiriúnach lena ról mar Uachtarán ar an BCE. Chinn an anailís chomh maith nárbh fhéidir féachaint ar an nGrúpa mar ghrúpa brústocaireachta nó leasa, ach mar fhóram chun tuairimí a mhalartú. D'ainneoin sin, thug an tOmbudsman faoi deara, de bharr freagraí tosaigh neamhleor an BCE don ghearánaí, go raibh an gearánaí

ceart chun buarthaí a ardú faoin gceist. Dhún an tOmbudsman an cás trí chomhairle a chur ar an BCE chun a leibhéal trédhearcachta a fheabhsú trí bhallraíocht an Uachtaráin sa Ghrúpa a lua ar a shuíomh gréasáin, agus chun na céimeanna cuí a ghlacadh chun caighdeán a chumarsáide leis an bpobal a ardú.

In 2013, d'oscail an tOmbudsman fiosrúchán freisin faoin gcaoi a bhforfheidhmíonn an Coimisiún a rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa i gcásanna um dhoras imrothlach. Tháinig sé seo i ndiaidh gearán ón bhFaireachlann um An Eoraip Chorparáideach, Greenpeace, LobbyControl, agus Spinwatch go raibh an Coimisiún ag teip déileáil i gceart le cásanna den chineál sin, a d'fhéadfadh a bheith córasach.

Sa bhreis air sin, rinne ENR ón nGearmáin gearán leis an Ombudsman nach ndeachaigh An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia (EFSA) i ngleic i gceart le coinbhleacht leasa féideartha nuair a bhog ceann a n-aonad um orgánaigh ghéinmhodhnaithe (OGM) chuig cuideachta biteicneolaíochta. Tá an Ghníomhaireacht i gceannas ar mheasúnú riosca san AE i ndáil le sábháilteacht bia. Is é an ról atá aici comhairle agus faisnéis eolaíoch neamhspleách a thabhairt maidir le rioscaí reatha agus éiritheacha, i gcomhar le húdaráis náisiúnta agus páirtithe leasmhara eile.

Go deimhin, cinneadh in imscrúdú an Ombudsman nach ndearna EFSA measúnú críochnúil ar an gcoinbhleacht leasa líomhainte, agus iarradh orthu a rialacha agus nósanna imeachta a láidriú chun coinbhleacht mar seo a sheachaint amach anseo. Ghlac an Ghníomhaireacht le moladh an Ombudsman, ach i bpáirt amháin: láidrigh sí a rialacha agus nósanna imeachta, ach ghlac sí le cur chuige sriantach go míchuí ar cad is coinbhleacht leasa féideartha ann.

I gcreat na gcuairteanna chuig gníomhaireachtaí AE, chuir an tOmbudsman fáilte roimh bhearta ar ghlac an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) leo chun caighdeán a riaracháin a fheabhsú. Tá na cuairteanna seo deartha lena chinntiú go mbíonn meas ag gníomhaireachtaí ar phrionsabail an dea-riaracháin, cosúil le trédhearcacht agus ardchaighdeáin eiticiúla. Ghlac ECHA le beartas nua um choinbhleacht leasa agus thug sí isteach bearta le trédhearcacht níos mó a chinntiú, le dul i ngleic le coinbhleachtaí leasa féideartha, le rochtain ar cháipéisí a éascú agus le faisnéis a thabhairt d'fhorthairgeoirí agus do chonraitheoirí.

Lena chois sin, bhreithnigh an tOmbudsman ar roinnt gearán inar ardaíodh buarthaí faoi thrédhearcacht agus cothromaíocht i gcomhdhéanamh grúpaí geallsealbhóirí, grúpaí saineolaithe agus grúpaí oibre tábhachtacha eile san AE. De na cásanna leanúnacha, bhí an cás ba shuntasaí in aghaidh an Údaráis Eorpaigh Bhaincéireachta (EBA). Is é ról an Údaráis rialú agus maoirseacht éifeachtach agus comhsheasmhach a chinntiú ar fud earnáil bhaincéireachta na hEorpa. Sula nglactar le caighdeáin, treoirlínte agus moltaí, caithfidh an EBA dul i gcomhairle lena Ghrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta (BSG). Tá 30 ionadaí ón tionscal baincéireachta agus a fostaithe, Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), tomhaltóirí agus úsáideoirí seirbhísí bainc, i measc daoine eile sa Ghrúpa.

D'aithin fiosrúcháin an Ombudsman go deimhin míchothromaíocht i rogha an EBA i gcás ionadaithe tionscail, tomhaltóra, úsáideora agus fostaithe. Go háirithe, cháin an tOmbudsman an EBA mar nár chinntigh sé cothromaíocht thíreolaíoch i ngach catagóir, agus mhol sí dóibh, amach anseo, an baol go mbeadh iomarca ionadaithe ag Ballstát ar leith a sheachaint. Chuir an tÚdarás toilteanas in iúl chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige i gcomhthéacs cháineadh an Ombudsman.

## 6.3 Rannpháirtíocht saoránach i gcinnteoireacht AE



Ó tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm agus go raibh ceangal dlí ag an gCairt um Chearta Bunúsacha an AE, tá níos mó gearán faighte ag an Ombudsman i dtaobh cearta saoránach, go háirithe an ceart le bheith páirteach i bpróiseas cinnteoireachta an AE.

I measc na samplaí de rannpháirtíocht saoránach tá sainchomhairlúcháin phoiblí an Choimisiúin, agus Tionscnamh Eorpach na Saoránach (TES), trínar féidir le milliún saoránach a iarradh ar an gCoimisiún reachtaíocht AE a thosú. Chomh maith leis sin, éilíonn Conradh Liospóin go gcothaíonn na hinstitiúidí "idirphlé oscailte agus rialta leis an tsochaí sibhialta".

Sa chomhthéacs seo, reáchtálann an Coimisiún seimineáir idirphlé rialta. Nuair a d'iarr an European Humanist Federation (EHF) seimineár den chineál sin leis an gCoimisiún, áfach, dhiúltaigh an Coimisiún. Theastaigh ón EHF, a dhéanann ionadaíochta thar ceann 50 eagraíocht daonnachach ó níos mó ná 20 tír, plé a dhéanamh ar an díolúine d'eaglaisí a fholaítear i rialacha fostaíochta na hEorpa. Mhínigh an Coimisiún a dhiúltaithe trí an gá le meas a bheith ar stádas eaglaisí agus eagraíochtaí reiligiúnacha. Rinne an EHF gearán leis an Ombudsman, a d'iarr ar an gCoimisiún rialacha soiléire a bhunú maidir leis an idirphlé le heagraíochtaí reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha.

Saincheist thábhachtach eile a bhaineann le rannpháirtíocht saoránach, a ráthaítear i gConradh Liospóin, is ea ilteangachas. Rinne saoránach Éireannach gearán leis an Ombudsman gur theip ar Pharlaimint na hEorpa ó 2007 – nuair a tugadh stádas don Ghaeilge mar theanga oifigiúil AE – a suíomh gréasáin a chur ar fáil i nGaeilge. Tar éis idirghabháil an Ombudsman, d'aontaigh an Pharlaimint ní amháin na codanna dá suíomh gréasáin ina ndéanann an pobal idirphlé leis an bParlaimint a chur ar fáil i nGaeilge, ach an suíomh gréasáin ar fad a chur ar fáil i nGaeilge.

Gach bliain, reáchtálann an tOmbudsman mórimeacht do shaoránaigh, d'fhonn polaiteoirí sinsearacha AE a chur ag caint le saoránaigh. Díríonn an imeacht idirghníomhach seo ar shaoránaigh, chumainn, eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chuideachtaí, iriseoirí, ionadaithe réigiúnacha agus náisiúnta, ionadaithe d'institiúidí de chuid an AE, agus dhaoine eile a mbíonn suim acu ann. Reáchtáladh imeacht 2013 i gcreat Bliain Eorpach na Saoránach 2013 agus ba é an teideal a bhí air "Is linn an Eoraip: Bímis gníomhach!". D'fhreastail os cionn 400 rannpháirtí air.

Ba iad téamaí lárnacha an imeachta réitigh ar an ngéarchéim eacnamaíoch, agus bealaí chun Eoraip ghlan agus shláintiúil a thógáil a lorg. Taispeánadh roinnt tionscnamh cosmhuintire rathúla. D'eagraigh an tOmbudsman an t-imeacht le díriú ar shaoránaigh Eorpacha agus an chaoi gur féidir leo cruth a chur ar an AE, trí dhul i muinín Tionscnaimh Eorpaigh na Saoránach (TES), trí ghearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach, nó trí líon mór saoránach a stiúradh le bheith gníomhach i dtionscnaimh chosmhuintire.





An Ombudsman Eorpach ag imeacht "Is linn an Eoraip: Bímis gníomhach!" 2013. **http://europa.eu/!Ub89nd**

#7




An tOmbudsman Eorpach
Foghlaim faoi Right2Water, G1000org, Fraternité 2020, Let's do it! World, agus tionscadail eile tiomanta ag saoránaigh ag imeacht an Ombudsman Eorpaigh "Bliain Eorpach na Saoránach 2013 – 'Is Linn an Eoraip: Bímis gníomhach!'" ar 23 Aibreán 2013.

Storify #2




Is linn an Eoraip: Bímis gníomhach!
Imeacht do shaoránaigh a d'eagraigh oifig an Ombudsman Eorpaigh ar 23 Aibreán 2013, 09.30-12.30 Parlaimint na hEorpa, an Bhruiséil, Foirgneamh József Antall, seomra 2Q2. Imeachtaí satailíte ag an am céanna i roinnt oifigí faisnéise PE ar fud na hEorpa.

Tugadh cuireadh don Ombudsman chomh maith labhairt ag comhdháil dhúnta Bliain Eorpach na Saoránach 2013 in Vilnius, an Liotuáin, an mórimeacht deiridh d'Uachtaránacht na Liotuáine ar an AE. Dhírigh aitheasc an Ombudsman ar shaoránacht AE agus déanamh an Aontais. Luaigh sí nach géarchéim eacnamaíoch amháin atá sa ghéarchéim reatha, ach gur géarchéim aitheantais agus dlisteanachta atá ann freisin. Ghríosaigh an tOmbudsman institiúidí AE le dul i ngleic níos doimhne le saoránaigh i bpróiseas comhtháite an Aontais, agus chun díomas agus iompar leithleach a sheachaint. Spreag sí saoránaigh chomh maith feidhm a bhaint as a gceart saoránachta, mar shampla trí vótáil i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa, labhairt amach, agus tionchar a bheith acu ag leibhéal AE.

#8




**EYCA 2013**
Agus seo aitheasc an Ombudsman Eorpaigh: "Tá 'Eoraip dhaonna' de dhíth orainn" ag comhdháil dhúnta EYC 2013.

Chomh maith le labhairt ar shaoránacht AE, bhuail an tOmbudsman le hENRanna, ionadaithe gnó, agus iriseoirí fad is a bhí sí sa Liotuáin.

## 6.4 Tionscadail agus cláir le maoiniú AE



Gach bliain, faigheann an tOmbudsman líon mór gearán ó chuideachtaí, ENRanna, ollscoileanna, bardais, agus eintitis dhlíthiúla eile atá páirteach i dtionscadail agus cláir le maoiniú AE. Baineann formhór na ngearán le híocaíocht dheireanach, díospóidí conarthacha, fadhbanna le glaonna chun tairisceana, agus easpa trédhearcachta, de bharr diúltú institiúidí AE chun rochtain a thabhairt ar cháipéisí nó faisnéis den chuid is mó.

D'fhéadfadh go mbeadh fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus eintitis bheaga eile a bheith i dtrioblóid mhór nuair nach n-íocann an Coimisiún in am iad. Téann an tOmbudsman i gcomhairle go minic le gnólachtaí faoin gceist seo agus faoi na deacrachtaí maorlathacha eile a bhíonn acu. Thar na blianta, tá roinnt iniúchtaí féintionscanta déanta ag an Ombudsman maidir le híocaíochtaí deireanacha, agus iarradh ar an gCoimisiún tuairisciú ar dhul chun cinn agus staitisticí íocaíochta a chur isteach.

D'oscail an tOmbudsman a leithéid d'iniúchadh sin in 2013. Bhí seo mar aidhm leis feidhmíocht an Choimisiúin a scrúdú

i dtéarmaí íocaíochtaí tráthúla le conraitheoirí agus faighteoirí deontas agus fóirdheontas.

D'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún nuashonruithe a thabhairt faoin gcás agus na bearta atá á dtógáil aige chun an fhadhb a réiteach. Léiríonn tuairiscí leantacha an Choimisiúin laghdú sa líon agus i luach airgid íocaíochtaí a bhfuil moill orthu. Ach, tá fadhb fós ann. Mar shampla, tá ardú tagtha ar an líon iomlán úis a fabhraíodh as moill ar íocaíocht. Leanfaidh an tOmbudsman de bheith ag faire ar an scéal.



Díospóid íocaíochta EUR 93 000 réitithe ag an Ombudsman Eorpach in 2013. **http://europa.eu/!dU39UC**

I gcás fíorthábhachtach ó 2013, chuidigh an tOmbudsman chun díospóid íocaíochta EUR 93 000 a réiteach idir ENR Francach agus an Coimisiún i ndáil le tionscadal teicneolaíochta agus taighde sa Rúis le maoiniú AE. Bhí an ENR Earth Data Network for Education and Scientific Exchange (EDNES) mar chomhordaitheoir tionscadail, agus chuir siad an tionscadal i gcrích go rathúil. Ach, lorg an Coimisiún EUR 93 000 a aisghabháil ón ENR mar gur lig siad obair ar fhochonradh chuig cuideachta Rúiseach, nach raibh ceadaithe faoin gconradh.

Rinne EDNES gearán leis an Ombudsman, ar cinneadh ina iniúchadh gur aithin an Coimisiún féin gur fheidhmigh an ENR le hintinn mhaith, gur chríochnaigh sé an tionscadal go rathúil, agus gur chuir sé an Coimisiún ar an eolas ag gach céim faoi leagan amach eagraíochtúil an tionscadail, nár chuir siad ina aghaidh riamh. Mheas an tOmbudsman go raibh an t-éileamh ar aisíocaíocht díréireach agus éagórach, agus gur bagairt a bhí ann in aghaidh marthanas na ENR, arna rith ag deonaithe nach bhfuair aon íocaíocht. Ar deireadh, chuir an tOmbudsman ina luí ar an gCoimisiún an aisghabháil a tharscaoileadh.

## 6.5 Cearta bunúsacha




Seachas foráil na Cairte do chearta níos mó do shaoránaigh, dá dtagraíonn an tOmbudsman i rith iniúchtaí, féachann an tOmbudsman ar ghnéithe eile de dhualgais um chearta bunúsacha de chuid riarachán an AE.

D'eascair an cás ba shuntasaí maidir le cearta bunúsacha in 2013 as diúltú an Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (Frontex) le meicníocht ghearáin a bhunú. Comhordaíonn Frontex comhoibriú idir Ballstáit i réimse na slándála teorann seachtraí AE agus imirce mídhleathach. Tá ceangal dlí

ag an gCairt ar Frontex mar atá ag rialachán AE a leagann síos dualgais um chearta bunúsacha breise don Ghníomhaireacht.


In 2013, chuir an tOmbudsman roinnt ceisteanna ar Frontex maidir leis an gcaoi a chomhlíonann sé na dualgais seo, agus rinneadh sainchomhairliúchán poiblí, ina bhfuarthas tuairimí ó shaoránaigh, ENRanna um chearta an duine, agus eagraíochtaí eile. Chinn an tOmbudsman, i gcoiteann, go raibh dul chun cinn réasúnta a dhéanamh ag Frontex i ndul i ngleic le ceisteanna um chearta bunúsacha. Ach, mhol sí do Frontex meicníocht ghearáin a bhunú le bheith in ann déileáil go díreach le gearáin ó imircigh agus ó dhaoine eile a raibh tionchar orthu. Dhiúltaigh an Ghníomhaireacht an moladh, ag rá go bhfuil freagracht as eachtraí aonair ar na Ballstáit lena mbaineann.

Níor aontaigh an tOmbudsman le hargóint Frontex agus chuir sí tuarascáil speisialta chuig Parlaimint na hEorpa, ag iarradh uirthi tacaíocht a thabhairt chun Frontex a áitiú lena chur chuige a athbhreithniú. Tharla sé seo tar éis na tragóide a tharla amach ó chósta an oileáin Iodálaigh Lampedusa ag deireadh 2013, inar maraíodh na céadta imirceach.



Tuarascáil speisialta Frontex ag an Ombudsman Eorpach in 2013.
**http://europa.eu/!xu46Vk**

#1



An bhfuil an fhreagracht as #ceartaanduine iarrthóirí tearmainn ar an AE nó ar a bhallstáit?

*"In aghaidh chúlra na tragóide* **#Lampedusa** *agus tubaiste daonnúla eile ag teorainneacha AE, tá sé ríthábhachtach go ndéileálann Frontex go díreach le gearáin ó imircí agus ó dhaoine eile a bhfuil tionchar orthu.* ***Ní ghlacaim le tuairim Frontex go bhfuil an fhreagracht as sáruithe ar chearta an duine ar na Ballstáit lena baineann amháin.****"*

Tá an preaseisiúint agus doiciméid eile a bhaineann leis an gcás le fáil anseo: http://www.ombudsman.europa.eu/en/press/release.faces/en/52487/html

Fuarthas na grianghraif ar láithreán gréasáin **#Frontex**.

I gcás eile a raibh nasc aige le cearta bunúsacha, chinn an tOmbudsman nár sháraigh an Coimisiún a chumhachtaí trí thaispeántas grianghraf a óstáil faoi lánúineacha homaighnéasacha. Óstáladh an imeacht, dar teideal "Teaghlaigh éagsúla – an grá céanna", ar áitreabh an Choimisiúin faoi phátrúnacht Leas-Uachtarán an Choimisiúin, Viviane Reading, an Coimisinéir a bhí freagrach as cúrsaí in aghaidh leithcheala. Áiríodh sa taispeántas glaonna chun aitheantas dlí a thabhairt do phósadh homaighnéasach, mar aon le rochtain a thabhairt go lánúin leispiacha ar inseamhnú saorga le cuidiú míochaine. D'eagraigh grúpa na Eorpa den International Lesbian, Gay,

Bisexual, Trans and Intersex Association (ILGA) an taispeántas.

Rinne saoránach gearán leis an Ombudsman, inar dúradh gur sháraigh an Coimisiún a chumhachtaí tríd an taispeántas a óstáil agus é a chur faoina phátrúnacht, mar nach bhfuil inniúlacht ag an AE i réimsí pósta, teaghlaigh agus athghiniúint chúnta. Mheas an gearánaí chomh maith go ndearna an Coimisiún leithcheal in aghaidh na ndaoine sin nach raibh na tuairimí céanna acu agus a bhí le feiceáil sa taispeántas.

D'aontaigh an tOmbudsman le míniú na Choimisiúin go bhfuil dualgas dlí air troid in aghaidh leithcheala, lena n-áirítear ar fhoras gnéaschlaonta, agus go raibh sé i dteideal taispeántas a óstáil a raibh neamh-leithcheal a chur chun cinn aige. Dhún an tOmbudsman an cás trí chomhairle a chur ar an gCoimisiún chun séanadh a fhoilsiú ag taispeántais amach anseo, chun teachtaireacht a thabhairt nach dtacaíonn sé le gach teachtaireacht a bhíonn i dtaispeántais a óstálann sé.

I gcás suntasach eile, líomhain iarfhostaí den Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA) leis an Oifig Frith-Chalaoise Eorpach (OLAF) go raibh mírialtachtaí ag an nGníomhaireacht. D'oscail OLAF imscrúdú, ach ansin dhún siad é agus dhiúltaigh siad cúiseanna a thabhairt don sceithire maidir le dúnadh an cháis.

Deir OLAF nach raibh gá dó cúiseanna a thabhairt agus gurbh éigean dó rúndacht a imscrúduithe ar fad agus neamhspleáchas a institiúid a chosaint. Dhiúltaigh an tOmbudsman argóintí OLAF, agus dúirt sí go gcaitheann institiúidí ar fad an AE saoránaigh a chur ar an eolas faoina gcinntí, agus nach ionann é seo agus nochtadh fianaise rúnda.

## 6.6 Cultúr seirbhíse



Ar cheann de phríomhthosaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh tá cultúr seirbhíse a chur chun cinn i riarachán an AE. In 2013, d'fhoilsigh an tOmbudsman leagan nua de *Chód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin*. Bhuail an tOmbudsman chomh maith le hoifigigh ag gach leibhéal ó institiúidí agus gníomhaireachtaí éagsúla AE chun an gá le cloí le cultúr seirbhíse i dtreo saoránach a chur ina luí orthu.



Cás um shacar na Spáinne an Ombudsman Eorpaigh in 2013.
**http://europa.eu/!vx97fW**

Is fadhb sheasta í an mhoill iomarcach i riarachán an AE. Láimhseáil an tOmbudsman cás ardphróifíl faoi neamhghníomhú an Choimisiúin ar feadh os cionn ceithre bliana i ngearán um chúnamh stáit a bhain le ceithre chlub sacair sa Spáinn. Rinne infheisteoirí i gclubanna sacair Eorpacha gearán leis an gCoimisiún go raibh an Spáinn ag sárú rialacha um chúnamh stáit AE trí bhuntáistí cánacha éagóracha a dheonú don cheithre chlub Spáinneach. D'imigh os cionn ceithre bliana gan chinneadh. Líomhain an gearánaí go bhféadfadh nasc a bheith le neamhghníomhú an Choimisiúin sa chás seo agus an chaoi go dtacaíonn an Coimisinéir freagrach le ceann amháin de na foirne sacair ata i gceist agus an fíric go raibh sé ina Aire Rialtais sa Spáinn a chinn gur cheart na buntáistí cánacha a bhronnadh ag an am.

Tar éis don Ombudsman iarradh ar an gCoimisiún feidhmiú ar an ngearán seo, d'oscail an Coimisiún imscrúdú maidir le maoiniú na gclubanna sacair a bhí i gceist. Mhol an tOmbudsman an chéim seo, ag rá go bhfuil sé tábhachtach do phobal na hEorpa go bhfeiceann siad an Coimisiún ag gníomhú go tapa chun buarthaí maidir le sáruithe rialacha um chúnamh stáit a mhaolú, chun aon choinbhleacht leasa a ruaigeadh.

I roinnt cásanna, rinne saoránaigh gearán leis an Ombudsman nuair a rinne institiúidí botúin um nós imeachta, nár fhreagair siad comhfhreagras, nó thug siad faisnéis mhícheart do shaoránaigh. A bhuíochas d'idirghabháil an Ombudsman, shocraigh go leor de na hinstitiúidí a ndearnadh gearáin fúthu go leor díospóidí agus d'fheabhsaigh siad a nósanna imeachta.

Bhain cás amháin le bean a ghlac páirt i gcomórtas do shaorateangairí comhdhála a d'eagraigh an Coimisiún. Thug an Coimisiún cuireadh di scrúdú a dhéanamh. Ar an lá, áfach, dúirt an institiúid léi nach bhféadfadh sí an scrúdú a dhéanamh mar nár shásaigh sí ceann de chritéir cháilitheachta an chomórtais. Rinne an t-iarrthóir gearán leis an Ombudsman nár chuir an Coimisiún ar an eolas í maidir lena neamhcháilitheacht ar bhonn tráthúil. Ghlac an Coimisiún le comhairle an Ombudsman agus d'íoc sé EUR 300 i gcúiteamh.

Bhain cás eile le taistealaí ar cuireadh moill ar a eitilt ar feadh 23 uair an chloig agus a lorg cúnamh ar an iompróir aeir, ar an údarás forfheidhmithe náisiúnta agus ar an gCoimisiún. Rinne sé gearán ansin leis an Ombudsman go raibh an Fhoirm Ghearáin AE míchruinn agus theastaigh uaidh go ndéanfadh an Coimisiún athbhreithniú ar a nós imeachta gearáin nó ar an bhfaisnéis san fhoirm. Chloígh an Coimisiún agus ghlac sé buíochas leis an Ombudsman as aird a tharraingt ar an gceist.

# 7 • An chaoi a láimhseálaimid cásanna




An chaoi a oibrímid san Ombudsman. **http://europa.eu/!kQ37GU**

Déantar foráil sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an AE don cheart chun gearán a dhéanamh chuig an Ombudsman Eorpach. Tugann an CFAE an chumhacht don Ombudsman glacadh le gearáin ó aon saoránach den Aontas nó ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cónaí air nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát de chuid an Aontais.

Cinntíonn an tOmbudsman go bhfuil an tseirbhís ghearáin saor in aisce cóir, trédhearcach agus chomh simplí agus is féidir. Tig le gearánaithe a ngearán a chur chuig an Ombudsman trí chineál comhfhreagrais ar bith, lena n-áirítear trí fhoirm ghearáin shlán ar shuíomh gréasáin an Ombudsman. Tá a fhios ag an Ombudsman go maith an imní a bhíonn ar dhaoine a bhfuil gearán a dhéanamh acu, agus lorgaíonn an tOmbudsman céadfhreagra tapa a chur ar fáil trína chur in iúl do ghearánaithe céard a dhéanfaidh sí laistigh de cheithre seachtaine ó fhaightear an gearán.

Scrúdaíonn an tOmbudsman gach gearán ar a thuillteanais féin. Áirítear anseo gearáin a chaitheann sí a dhiúltú mar go bhfuil siad taobh amuigh dá sainchúram. Nuair a tharlaíonn sé seo, faigheann na gearánaithe freagra aonair, ina mbíonn comhairle maidir le comhlachtaí eile a bheadh in ann cuidiú leis an ngearánaí, den chuid is mó. Féadfaidh an tOmbudsman ina theannta sin cinneadh a dhéanamh an gearán a aistriú chuig ceann de na comhlachtaí eile sin.

Láimhseálann an fhoireann dlí speisialaithe i dtosach gearáin atá laistigh de shainchúram an Ombudsman. Sanntar láimhseálaí cáis ar leith do gach gearán mar dhuine teagmhála.

Nuair a chinneann sí nach sásaíonn gearán nua na critéir inghlacthachta, nó nach leor na fothaí chun gearán a oscailt, míníonn an tOmbudsman a cinneadh agus tugann sí comhairle nuair is féidir agus más cuí.

Nuair a bhíonn am tOmbudsman den tuairim gur cheart imscrúdú a oscailt, déanann sí scrúdú cúramach ar chasaoidí an ghearáin, lena chinneadh an bhféadfaí iad a réiteach trí nós imeachta simplithe.

Is iondúil go mbíonn nósanna imeachta simplithe níos tapúla agus nach mbíonn siad chomh foirmiúil le himscrúduithe lánscála. Áirítear leo, imscrúduithe gutháin, agus imscrúduithe soiléirithe a cheadaíonn don ghearánaí trácht a dhéanamh ar thuairim shealadach an Ombudsman nach bhfuil cúiseanna bailí chun imscrúdú níos fairsinge a oscailt. Tig léi cinneadh chomh maith imscrúdú fiosraithe a oscailt chun imscrúdú tapa a dhéanamh ar chomhaid agus conclúid phrap a dhéanamh ar fhothaí an cháis.

Bíonn gá le himscrúduithe lánscála mar shampla nuair nach bhfuil an gearán práinneach, má bhíonn sé casta, nó má theastaíonn ionchur ó sheirbhísí éagsúla speisialaithe an institiúid lena mbaineann.


Tá roinnt roghanna ag an Ombudsman, má chinneann sí i bhfabhar gearáin. D'fhéadfadh sí réiteach cairdiúil a mholadh a shásóidh an gearánaí, nó dréachtmholadh a eisiúint ina iarrann sí ar an institiúid an drochriarachán a cheartú.

Murar féidir réiteach a fháil, féadfaidh an tOmbudsman nótaí cáinteacha a eisiúint. Ach, má chinneann an institiúid lena mbaineann as a stuaim féin fadhbanna an ghearánaí a réiteach sula ndéanann an tOmbudsman a cinneadh, is iondúil nach ndéanfaidh sí cáineadh ar an institiúid trí thoradh foirmiúil drochriaracháin.

Tá sé de chumhacht ag an Ombudsman fiosrúcháin a oscailt as a stuaim féin freisin. Trí leas a bhaint as an gcumhacht seo, féadann an tOmbudsman imscrúdú a dhéanamh ar chás féideartha drochriaracháin arna chur ar a haire ag duine nach bhfuil i dteideal gearán a dhéanamh. Anuas air sin, féadann an tOmbudsman feidhm a bhaint as an gcumhacht seo chun dul i ngleic le fadhbanna córasacha dealraitheacha sna hinstitiúidí AE.

Gach bliain, faigheann an tOmbudsman Eorpach na mílte gearán ó shaoránaigh, ENRanna, gnólachtaí agus eagraíochtaí eile. Cinntíonn foireann an Ombudsman go láimhseáiltear gach gearán go tapa, go dúthrachtach agus ar bhealach dírithe ar sheirbhís. Seo an méid a tharlaíonn le 100 gearán samhlachúil:

## Saolré 100 gearán leis an Ombudsman




# 8 • Comhlíonadh le moltaí an Ombudsman

Gach bliain, foilsíonn an tOmbudsman cuntas cuimsitheach ar an gcaoi a fhreagraíonn institiúidí AE do na moltaí ón Ombudsman chun riarachán AE a fheabhsú. Tagann na moltaí seo i bhfoirm réitithe cairdiúla, dréachtmholtaí, nótaí breise, nótaí cáinteacha agus moltaí.

## Comhlíonadh le moltaí an Ombudsman Eorpaigh in 2012




Léiríonn tuarascáil 2012, dar teideal *Putting it Right? – How the EU institutions responded to the Ombudsman in 2012* (Á chur ina Cheart? – An chaoi ar fhreagair institiúidí AE leis an Ombudsman in 2012), ar an iomláine gur chloígh na hinstitiúidí le moltaí an Ombudsman 80% den am, agus roinnt díobh 100% den am. Bhí ráta comhlíonta 84% ag an gCoimisiún, ag a bhfuil an líon is mó imscrúduithe a dhéanann an tOmbudsman.




ATHBHREITHNIÚ: Thug institiúidí AE 118 freagra dearfacha ar na 148 moladh a rinne an tOmbudsman i gcásanna a dúnadh in 2012.

D'aimsigh roinnt institiúidí 100%. Go háirithe, chomhoibrigh **an Banc Ceannais Eorpach, an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, agus an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú** leis an Ombudsman ar bhealach an-chuiditheach in 2012.

Tá moladh speisialta le fáil ag an **Oifig Frith-Chalaoise Eorpach, #OLAF**, as na hiarrachtaí suntasacha a rinne sí chun a nósanna imeachta a fheabhsú chun tairbhe a saoránach.

#EU #Administration (AE Riarachán)

Chomhoibrigh an Banc Ceannais Eorpach (ECB), an Ghníomhaireacht Eorpach Leigheasra (EMA), agus an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) leis an Ombudsman ar bhealach an-chuiditheach. Rinne an Oifig Frith-Chalaoise Eorpach (OLAF) iarrachtaí ar leith chun a nósanna imeachta a fheabhsú chun tairbhe a shaoránach.

Beidh tuarascáil na bliana 2013 ar fáil i bhFómhar 2014.

# 9 • Caidreamh le hinstitiúidí AE

Buaileann an tOmbudsman Eorpach le baill agus le hoifigigh institiúidí, comhlachtaí, oifigí, agus gníomhaireachtaí de chuid an AE go rialta chun plé a dhéanamh ar bhealaí chun feabhas a chur ar cháilíocht an riaracháin, chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le dea-láimhseáil gearán, agus chun a chinntiú go ndéanfar obair leantach chuí ar bhonn moltaí, agus tuarascálacha an Ombudsman.

Ba deis iad don Iníon O'Reilly na cruinnithe a reáchtáladh óna toghadh in 2013 chun a fís agus a tosaíochtaí don todhchaí a fhógairt. Ar cheann de thosaíochtaí an Ombudsman tá buarthaí saoránach a thabhairt chun solais agus le cuidiú chun an bhearna idir iad agus na hinstitiúidí a líonadh. Mhínigh sí go ndéanfadh sí é seo trí shofheictheacht obair a hoifige a ardú agus trí struchtúir agus próisis um láimhseáil ghearáin inmheánacha a athrú, chun gnóthachain éifeachtachta a dhéanamh chun leas an phobail. Chuir an tOmbudsman dúshlán chomh maith ar na hinstitiúidí cloí le caighdeáin órga i dtéarmaí éifeachtachta, trédhearcachta, iompar eiticiúil agus cuntasacht, má tá siad le muinín an phobail a fháil. Gheall sí go gcomhoibreodh sí go dlúth leis na hinstitiúidí.

## 9.1 Parlaimint na hEorpa



Bhuail Emily O'Reilly le Martin Schulz i nDeireadh Fómhair 2013.

Tar éis di a ról mar Ombudsman a ghlacadh, bhuail Emily O'Reilly le Martin Schulz, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus le Klaus Welle, an tArd-Rúnaí. Anuas air sin, chuir an tOmbudsman tuarascáil speisialta i láthair Choiste Pharlaimint na hEorpa um Achainíocha maidir le diúltú na Gníomhaireachta Eorpaigh chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (Frontex) le meicníocht ghearáin a bhunú. Tar éis di a "rún le comhoibriú le Parlaimint na hEorpa agus dul i ngleic go réamhghníomhach leis an gCoimisiún agus le hinstitiúidí eile an AE thar ceann chearta agus leas saoránach" a fhógairt, bhuail an tOmbudsman chomh maith le roinnt ball de Pharlaimint na hEorpa (FPEanna) ar bhonn duine le duine, agus le baill d'fhoireann na Parlaiminte.

#9




**Martin Schulz, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa**
Tá mé ag súil le bualadh leis an Ombudsman Eorpach, Emily O'Reilly, in Strasbourg.

## 9.2 An Coimisiún Eorpach



Bhuail Emily O'Reilly le José Manuel Barroso i nDeireadh Fómhair 2013.

Ós rud é go mbaineann formhór na bhfiosrúchán a dhéanann an tOmbudsman gach uile bhliain leis an gCoimisiún Eorpach, tá sé ríthábhachtach go ndéanann seirbhísí an Ombudsman a seacht ndícheall chun bheith i dteagmháil chórasach le baill agus le hoifigigh de chuid an Choimisiúin.

Tar éis di a ról mar Ombudsman a ghlacadh, bhuail Emily O'Reilly le José Manuel Barroso, Uachtarán Choimisiún na hEorpa, le Maroš Šefčovič, Leas-Uachtarán Choimisiún na hEorpa um Chaidreamh Idirinstitiúideach agus um Riarachán, le Catherine Day, Ard-Rúnaí, le Giovanni Kessler, Ard-Stiúrthóir an Oifig Frith-Chalaoise Eorpach, le Rytis Martikonis, Ard-Stiúrthóir Aistriúcháin, agus le Jonathan Faull, Ard-Stiúrthóir um an Margadh Inmheánach agus um Sheirbhísí Inmheánacha.

#10




**Ombudsman Eorpach**
Amárach, casann Emily O'Reilly le @MarosSefcovic, Leas-Uachtarán an @EU_Commission, sa Bhruiséil bit.ly/17QYjtm

**Maroš Šefčovič, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, an Coimisinéir freagrach as Caidreamh Idirinstitiúideach agus Riarachán**
Tá mé ag súil go mór lenár gcruinniú agus leis an gcomhoibriú eadrainn amach anseo.

## 9.3 Gníomhaireachtaí AE

Cruthaíodh roinnt mhór gníomhaireachtaí AE le 15 bhliain anuas nó mar sin atá lonnaithe ar fud na hEorpa. Ar bhonn inniúlacht an Ombudsman Eorpaigh chun fiosrúcháin a dhéanamh as a stuaim féin, bhunaigh an tOmbudsman clár cuairteanna chuig na gníomhaireachtaí. Cuireann an clár ar chumas an Ombudsman lámh a shíneadh amach d'institiúidí éagsúla d'fhonn béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an dea-riarachán, le dea-láimhseáil gearán, agus le cultúr na seirbhíse. Is deis atá ann freisin dea-chleachtas a aithint agus a scaipeadh i measc na ngníomhaireachtaí.

Agus í in Vilnius le labhairt ag ócáid dhúnta Bliain Eorpach na Saoránach 2013, ghlac an tOmbudsman leis an deis tuairimí a mhalartú le Virginija Langbakk, Stiúrthóir na hInstitiúide Eorpaigh um Chomhionannas Inscne (EIGE), agus le baill eile foirne.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin gclár cuairteanna, feic an t-alt dar teideal *Cuairteanna an Ombudsman Eorpaigh chuig gníomhaireachta AE – dea-chleachtais a aithint agus a scaipeadh* in eagrán Samhain 2013 de Nuachtlitir Líonra Eorpach na nOmbudsman.

## 9.4 Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine a bhfuil Míchumas Orthu

Taobh amuigh de chaidreamh leis an Aontas, comhoibríonn an tOmbudsman chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile cosúil leis na Náisiúin Aontaithe, go háirithe i réimse chearta an duine. Mar shampla, mar chuid de chreat an AE faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine a bhfuil Míchumas Orthu (UNCRPD), tá ról ag an Ombudsman i gcosaint, cuir chun cinn agus faireachán ar fhorfheidhmiú an Choinbhinsiúin ag leibhéal na n-institiúidí AE. Ról é seo a dhéanann an tOmbudsman mar aon le Parlaimint na hEorpa, Coimisiún na hEorpa, an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA), agus an Fóram Eorpach maidir le Míchumas (EDF). Le chéile, is ionann iad agus Creat CRPD an AE. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm don AE in Eanáir 2011.

I rith 2013, chuaigh an tOmbudsman i gcomhairliúchán le baill eile na Creata AE agus é mar aidhm clár oibre ilbhliantúil a fhorbairt i gcomhair ról ar leith an Ombudsman. Chuaigh sí i gcomhairle chomh maith le Líonra Eorpach na nOmbudsman, leis an European Group of National Human Rights Institutions (NHRInna), agus leis an European Network of Equality Bodies (Equinet). I measc nithe a thagann laistigh de shainchúram an Ombudsman tá an riachtanas ar institiúidí a chinntiú: go bhfuil a seirbhísí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, go mbíonn rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar fhaisnéis ó, agus go bhfuil modh cumarsáide acu leis, na hinstitiúidí; tá timpeallacht oibre institiúidí an AE oscailte, cuimsitheach, agus inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas; agus gur féidir le daoine faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach go héifeachtach agus go hiomlán sa saol polaitiúil agus poiblí.


In 2013, d'oscail an tOmbudsman imscrúdú maidir le haistarraingt mhaolaithe ag an bParlaimint a d'fhág amach duine dá bhaill foirne ó ghníomhaíocht um shoghluaisteacht foirne bhliantúil de bharr a cúinsí teaghlaigh eisceachtúla. D'oscail an tOmbudsman imscrúdú eile maidir le líomhaintí go bhfuil an uirlis Europass CV – a fheidhmíonn an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) – neamh-inrochtana do dhaoine le lagú amhairc. Sna cásanna seo, atá ag dul ar aghaidh, tá aird na n-institiúidí lena mbaineann tarraingthe ag an Ombudsman chuig CRPD.

Mar aon le cuireadh an Ombudsman ar léirithe suime ó oifigigh i mBallstáit an AE, a foilsíodh in 2013, tháinig saineolaí náisiúnta i gcúrsaí míchumas ar iasacht chuig foireann an Ombudsman ag tús 2014. Cuideoidh an saineolaí leis an Ombudsman chun a clár oibre míchumais a shainmhíniú, agus trí bhealaí a fháil le lámh a shíneadh chuig saoránaigh agus foireann an AE, chun a gcearta agus a ndualgais a chur in iúl dóibh faoin CRPD.

Ó 2013, tá foilseacháin ar fad an Ombudsman ar fáil i gcló mór nó i gclosleagan má iarrtar sin. I rith na bliana, thug an tOmbudsman faoi obair chun clár cáipéisí a fhorbairt, agus é mar cheann de na príomhchúiseanna a chinntiú gur féidir le daoine le lagú amhairc rochtain a fháil ar na cáipéisí.

# 10 • Caidreamh le líonraí

### Gearáin curtha ar aghaidh chuig institiúidí agus comhlachtaí eile; Moladh ón Ombudsman Eorpach do ghearánaithe teagmháil a dhéanamh le hinstitiúidí agus comhlachtaí eile in 2013




*Tabhair faoi deara:* De thoradh ar gur thug an tOmbudsman méid ní ba mhó ná aon chineál comhairle amháin i roinnt cásanna, tá iomlán na gcéatadán thuas cothrom le céatadán níos mó ná 100%.

Oibríonn an tOmbudsman Eorpach go dlúth le roinnt líonraí lena chinntiú go ndéantar plé le gearáin a dhéanann saoránaigh maidir le dlí an AE go pras agus go héifeachtach.

Déanann a lán gearánach teagmháil leis an Ombudsman nuair a bhíonn deacrachtaí acu le riarachán náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Bíonn na gearáin sin taobh amuigh de shainordú an Ombudsman agus go minic baineann siad le sáruithe líomhainte dhlí an AE ag Ballstáit. Is iondúil go mbíonn ombudsmain náisiúnta nó réigiúnacha, atá ina mbaill de Líonra Eorpach na nOmbudsman, ar na daoine is fearr chun déileáil le cásanna den chineál seo. Tá Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa ina bhall iomlán den Líonra freisin. Is é ceann de chuspóirí an Líonra aistriú gasta gearán a éascú chuig an mball inniúil den Líonra, cibé acu an ombudsman náisiúnta nó réigiúnach, comhlacht cosúil, nó Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa atá i gceist.

Iarratas ar fhaisnéis

Déan gearán

Cuidíonn treoir idirghníomh an Ombudsman Eorpaigh le 20 000 saoránach sa bhliain chun an comhlacht um réiteach fadhbanna ceart a aimsiú.

Cuimsíonn an Líonra 94 oifig i 35 thír Eorpacha anois. Cuimsíonn sé ombudsmain náisiúnta agus réigiúnacha agus comhlachtaí cosúla de chuid Bhallstáit an AE, na dtíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san AE, agus tíortha eile sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus/nó i limistéar Schengen, mar aon leis an Ombudsman Eorpach agus Coiste na Parlaiminte um Achainíocha.


Is meicníocht acrach é an Líonra chun faisnéis ar dhlí an AE agus ar dhea-chleachtas a mhalartú trí sheimineáir, trí nuachtlitir leathbhliantúil, agus trí eislíon a éascaíonn plé agus comhroinnt cáipéisí go leictreonach.

I measc na gceisteanna a pléadh in 2013 bhí: ról an Ombudsman Eorpaigh faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine a bhfuil Míchumas Orthu (ENCRPD), imscrúduithe a dhéanann ombudsmain as a stuaim féin, comhtháthú na meán sóisialta i straitéisí cumarsáide in oifigí ombudsman, feidhmeanna meicníochtaí coisctheacha náisiúnta a fhorfheidhmiú, agus nuálaíocht in oifigí ombudsman.

In 2013, d'eagraigh an tOmbudsman Eorpach agus Ombudsman na hÉireann an Naoú Seimineár Náisiúnta de Líonra na nOmbudsman Eorpach. Reáchtáladh

an seimineár i mBaile Átha Cliath, ón 15 go 17 Meán Fómhair, agus pléadh réimse ábhair, lena n-áirítear nuálaíocht in oifigí ombudsman, athchóiriú a dhéanamh le teacht trí dhéine, agus an saoránach a bheith tábhachtach.

#3



**Céard a dhéanaimid nuair a bhíonn an tobar triomaithe agus nuair a bhíonn na daoine ag déanamh agóide agus ag gearán linne – na hOmbudsmain?**

An leor féachaint ar riarachán na scéimeanna atá fanta a thacaíonn le daoine aonair agus le teaghlaigh, agus neamhaird a thabhairt ar na roghanna beartais a dhíbir nó a d'ísligh i líon agus i méid na scéimeanna eile, nó an bhfuil sé de dhualgas orainn muid féin a ionsá sa díospóireacht faoi na roghanna beartais sin, trí mhainneachtain fiú, tríd an gcaoi a roghnaímid ár n-imscrúduithe agus an chaoi a ndéanaimid iad a idirghabháil ina dhiaidh sin?

Léigh aitheasc **Emily O'Reilly**, a tugadh inniu ag 9ú seimineár náisiúnta de Líonra na nOmbudsman Eorpach: http://bit.ly/1bok4n8

I gcásanna áirithe, féadann an tOmbudsman a mheas go bhfuil sé feiliúnach an gearán a aistriú chuig an gCoimisiún Eorpach, chuig SOLVIT nó chuig "An Eoraip Agatsa – Comhairle". Is líonra é SOLVIT a bhunaigh an Coimisiún d'fhonn cabhrú le daoine a mbíonn constaicí le sárú acu agus iad ag iarraidh a gcearta a chur i bhfeidhm i margadh inmheánach an Aontais. Is líonra ar fud na hEorpa eile é "An Eoraip Agatsa – Comhairle" a chuir an Coimisiún ar bun d'fhonn saoránaigh a chur ar an eolas faoin saol, faoin obair agus faoi thaisteal san AE. Sula n-aistrítear gearán nó sula dtugtar comhairle don ghearánach, déanann seirbhísí an Ombudsman gach iarracht a mheas cén oifig eile a bheadh in ann an chabhair is fearr a sholáthar dó.




Fadhbanna leis an AE? Cé is féidir cabhrú leat?

Tá tuilleadh faisnéise i bhfoilseachán an Ombudsman *Fadhbanna leis an AE? Cé is féidir cabhrú leat?* maidir le modhanna eile sásaimh.

# 11 • Acmhainní

## 11.1 An Buiséad

Is rannán ar leith de bhuiséad an AE atá i mbuiséad an Ombudsman. Tá buiséad an Ombudsman roinnte faoi thrí theideal. Cuimsítear faoi theideal 1 tuarastail, liúntais agus caiteachas eile a bhaineann leis an bhfoireann. Clúdaítear faoi theideal 2 foirgnimh, troscán, trealamh agus caiteachas oibríochta ilchineálach. Cuimsítear faoi theideal 3 an caiteachas a éiríonn as feidhmeanna ginearálta a chomhlíonann an institiúid. In 2013, b'ionann leithreasaí buiséid agus EUR 9 731 371.

D'fhonn bainistíocht éifeachtach acmhainní a áirithiú, déanann iniúchóir inmheánach an Ombudsman, Robert Galvin, córais rialaithe inmheánacha na hinstitiúide agus na hoibríochtaí airgeadais a dhéanann an oifig seo a dhearbháil ar bhonn rialta. Mar is amhlaidh le hinstitiúidí eile de chuid an AE, déanann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa iniúchadh ar institiúid an Ombudsman chomh maith.

## 11.2 Úsáid acmhainní

Gach uile bhliain, glacann an tOmbudsman le Plean Bainistíochta Bliantúil (PBB), ina ndéantar sainaithint ar na gníomhaíochtaí diongbháilte a chaithfidh an oifig a dhéanamh chun tosaíochtaí na hinstitiúide a chur i ngníomh. B'é an PBB do 2013 an tríú ceann bunaithe ar chuspóirí an Ombudsman i Straitéis i gcomhair sainchúraim 2009-14 Ba iad na cuspóirí do 2013 – mar aon leis na blianta eile a chlúdaíonn an straitéis – éisteacht, seachadadh, áiteamh, cumarsáid agus mionathrú. Cuimsítear sa phlean seo príomhtháscairí feidhmíochta a bhaintear feidhm astu chun an dul chun cinn i dtreo bhaint amach na gcuspóirí seo a thomhas. Déantar athbhreithniú ar na heochairtháscairí feidhmíochta agus ar na spriocanna ábhartha agus, más gá, déantar athrú bliantúil orthu.

Glacann an tOmbudsman le Tuarascáil Bhliantúil Gníomhaíochtaí (TBG) chomh maith. Tugtar sa tuarascáil seo cuntas ar thorthaí na n-oibríochtaí a bhí leagtha amach sa Phlean Bhliantúil Bainistíochta, ar na rioscaí a bhain leis na hoibríochtaí, ar an úsáid a baineadh as na hacmhainní a bhí ar láimh an Ombudsman, agus ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht chóras rialaithe inmheánach na hinstitiúide.



Buail le foireann an Ombudsman Eorpaigh. **http://europa.eu/!Yv98dm**

## 11.3 An fhoireann taobh thiar den Ombudsman

Tá foireann ardcháilithe agus ilteangach ag an institiúid. Áirithíonn sé seo go bhféadann sí plé a dhéanamh le gearáin maidir le drochriarachán trí mheán 24 theanga oifigiúla an AE, agus feasacht ar shaothar an Ombudsman a fheabhsú. In 2013, chuimsigh plean bunaithe an Ombudsman Eorpaigh 67 post.

Tá liosta iomlán de na baill foirne a bhíonn nuashonraithe go rialta, lena n-áirítear faisnéis mhionsonraithe faoi struchtúr oifig an Ombudsman agus faoi thascanna na rannóga uile, le fáil ar láithreán gréasáin an Ombudsman (www.ombudsman.europa.eu) i 24 theanga oifigiúla an AE.



Foireann an Ombudsman Eorpaigh.

# Conas dul i dteagmháil leis an Ombudsman Eorpach

## Trí phost

Ombudsman Eorpach
1 avenue du Président Robert Schuman
CS 30403
F-67001 Strasbourg Cedex

## Ar an nguthán

+33 (0)3 88 17 23 13

## Trí fhacs

+33 (0)3 88 17 90 62

## Trí ríomhphost

eo@ombudsman.europa.eu

## Ar líne

**Láithreán gréasáin:** www.ombudsman.europa.eu

**Twitter:** twitter.com/EUombudsman

**Google+:** plus.google.com/101520878267293271723

**LinkedIn:** www.linkedin.com/company/272026

**YouTube:** www.youtube.com/eotubes

## Tabhair cuairt orainn

Más mian leat cuairt a thabhairt ar oifigí an Ombudsman Eorpaigh sa Bhruiséil nó in Strasbourg, téigh i dteagmháil linn roimh ré.

Tá an *Tuarascáil Bhliantúil* seo foilsithe ar an idirlíon ag:

**www.ombudsman.europa.eu**

© An tAontas Eorpach, 2014
© an Aontais Eorpaigh ar gach grianghraf, físeán agus íomhá, mura luaitear a mhalairt.
Údaraítear atáirgeadh chun críocha oideachais agus neamhthráchtála, ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinse.

Dearadh agus leagan amach de chuid Rosendahls A/S, Albertslund, an Danmhairg, agus EntenEller A/S, Valby, an Danmhairg.
Leagtha amach i FrutigerNext agus Palatino.
*Printed in Belgium*
Print ISBN 978-92-9212-581-3 . ISSN 1830-7507 . doi:10.2869/37347 . QK-AA-14-001-GA-C
EPUB ISBN 978-92-9212-605-6 . ISSN 1725-3241 . doi:10.2869/42212 . QK-AA-14-001-GA-E
PDF ISBN 978-92-9212-557-8 . ISSN 1725-3241 . doi:10.2869/32818 . QK-AA-14-001-GA-N

FSC www.fsc.org MIX Paper from responsible sources FSC® C021611

Oifig na bhFoilseachán

• Tuarascáil Bhliantúil • Tuarascáil Bhliantúil • Tuarascáil Bhliantúil • Tuarascáil Bhliantúil

Má tá leagan cló mhór den fhoilseacháin ag teastáil uait, téigh i dteagmháil le do thoil le hoifig an Ombudsman Eorpaigh. Déanfaimid iarracht freisin leagan fuaime a sholáthar ar iarratas.